IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 386 de 2006

Rialúcháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Nochtadh do Aispeist) 2006

FOILSITHE AG AN OIFIG STÁTSEANÓIREACHTA
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ó
OIFIG DHÍOLACHÁN FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SR. MHOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
Nó trí ordú poist ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, RANNÓG TRÁDÁLA POIST,
51, FAICHNE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Fón: 01-6476834/35/37; Glao-íseal 1890 213434; Macasamhail: 01 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar

(PRN. A6/1235) Praghas: €3.81

I.R Uimh. 386 de 2006

RIALÚCHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT, SHLÁINTE AGUS LEAS AG OBAIR (NOCHTADH DO AISPEIST) 2006

EAGAR NA RIALACHÁN

Rialúchán

1. Lua
2. Míniú
3. Cur i bhfeidhm
4. Dualgas an fhostóra do oibrithe neamh-fhostaithe
5. Dualgais ghinearálta an fhostóra
6. Luach theorann an nochtadh
7. Aithint láthair na h-aispeiste
8. Déanamh amach agus luacháil an riosca
9. Gnáthaimh ghinearálta i leith nochtadh do aispeist
10. Tomhas na h-aispeiste san aer
11. Riachtanas Fógra
12. Ábhair gur dócha go bhfuil aispeist iontu
13. Nithe le bheith déanta má théitear thar teorainn luach nochta (neamh-réamh-fheiceáil)
14. Nithe le bheith déanta má théitear thar theorann luach nochtadh (réamh-fheiceáil)
15. An Plean Oibre
16. Cumas oibrithe ar aispeist
17. Traenáil agus Eolas
18. Soláthar agus glanadh éadaigh chosanta
19. Gnáth-dhochtúir freagrach
20. Measúnú ar shláinte na bhfostaithe
21. Sonraí liachta i leith mheasúnaithe sláinte
22. Athbhreithniú fhoirceannadh an mheasúnú sláinte
23. Scaoileadh eolais ar fáil ins na measúnaithe sláinte
24. Clár Aispeastóis agus Siada Urchóideacha
25. Clár sláinte na h-áite oibre
26. Coisc
27. Cúl-ghairmeacha

Sceideal 1
Míniú ar Aispeist

Sceideal 2
Nithe le bheith déanta chun Sábháilteacht agus Sláinte na bhFostaithe a dheimhniú

Sceideal 3
Gnéithe go gcaithfí a insint fúthu don Údarás Sábháilteachta agus Sláinte

Sceideal 4
Fianaise ar chumas chun oibre bainteach le Aispeist
(Eolas Táscach, neamh-theoranta le bheith ar fáil, de réir Rialúchán 16, nuair is cuí agus bainteach leis an obair bheartaithe)

Sceideal 5
Eolas le bheith curtha isteach i dTaifid Liachta agus Moltaí Praiticiúla an Duine Aonair d'fhonn Mheasúnú Chliniciúil Fostaithe de réir Rialúcháin 20

Sceideal 6
Clár Liachta na h-Áite Oibre

I.R Uimh. 386 de 2006

RIALÚCHÁIN SÁBHAILTEACHTA, SLÁINTE AGUS LEAS AG OBAIR (NOCHTADH DO AISPEIST) 2006

Deinim-se, Tony Killeen, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus mé ag cur i bhfeidhm na gcumhacht tugtha dom ag roinn 58 de Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus ag Ordú 2005 (I.R. Uimh. 316 de 2005) de chuid Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta (Feidhmeanna an Aire a Thiomnú), agus tuilleadh éifeachta a thabhairt do Threoir 83/477/PEE na Comhairle de 19ú Meán Fómhair 1983[1] i dtaobh chosaint oibrithe ó na baoil i leith a nochta do aispeist ag an obair, mar atá athruithe ag Treoir 91/382/PEE na Comhairle den 25ú Meitheamh 1991[2], ag athrú Treoir Athruithe 83/477/PEE, agus atá athruithe ag Treoir 2003/18/PE de Pharlaimint na h-Eorpa agus na Comhairle den 27ú Márta 2003[3] ag athrú Treoir 83/477/PEE agus d'aidhm tuilleadh éifeachta a thabhairt do Threoir 87/217/PEE na Comhairle den 19ú Márta 1987[4] ar chosc agus ar ísliú truailliú na timpeallachta le aispeist, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, na Rialúcháin seo a leanas:

Lua

1. Is féidir na Rialúcháin seo a lua mar Rialúcháin 2006 de chuid Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Nochtadh do Aispeist).

Míniúchán

2. (1) Ins na Rialúcháin seo -

Ciallaíonn "Acht" an t-Acht 2005 (Uimh. 10 de 2005) ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair;

Sé atá i gceist le "aispeist" ná na sileacáití snáithíneacha go bhfuil tagairt dóibh in Alt a 2 den Ordú atá leagtha amach in Sceideal 1;

Sé atá i gceist le "Údarás" ná an t-Údarás Sláinte agus Sábháilteachta;

Sé atá i gceist le "Treoir" ná Treoir na Comhairle 83/477/PEE de 19ú Meán Fómhair 1983[1] agus é athruithe ag –

(a) Treoir 91/382/PEE de 25ú Meitheamh 1991[2] na Comhairle, agus

[1] O.J. Uimh. L 263, 24.9.1983, l. 25
[2] O.J. Uimh. L 206, 29.7.1991, l. 16
[3] O.J. Uimh. L 97, 15.4.2003, l. 48
[4] O.J. Uimh. L 85, 28.3.1987, l. 40

(b) Treoir 2003/18/AE de chuid Pharlaimint na h-Eorpa agus na Comhairle den 27ú Márta 2003[3];

Ciallaíonn "luach teorann nochta" leibhéal an nochta laethúil nár cheart d'aon aon fhostaí a bheith nochta dó;

Gheibheann "measúnú sláinte" a bhrí ó Rialúcháin 20;

Ciallaíonn "scrúdúchán liachta" aon triail saotharlainne nó X-ghathú chliabhraigh cuí a lorgódh gnáth- dhochtúir de réir Rialúchán 20(4);

Tugann Rialúchán 21 brí "Clár liachta Ghnáth-oibre" dó;

Sé a chiallaíonn "an gnáth-dhochtúir freagrach" ná an gnáth-dhochtúir cláraithe atá fostaithe nó, ag obair do fhostóir i slí eile, atá freagrach as measúnaithe sláinte na bhfostaithe faoi na Rialúcháin seo;

Ciallaíonn "measúnú riosca" an measúnú atá á lorg de réir Rialúcháin 8;

Sé atá i gceist "Modh ESD 1997" ná an iris "Measúnú ar thiúchan fíochán aerga". Modh atá molta, trí mícróscóipeacht optúil phas-contrárthacht (modh seicin optúil), ESD (An Eagraíocht Sláinte Domhanda), An Ghinéiv, 1997."

(2) Ins na Rialúcháin seo má tá tagairt do alt nó do fho-alt is do alt nó do fho-alt atá ins an Rialúchán in a bhfuil an tagairt ann atá i gceist, múna bhfuil sé ráite go bhfuil an tagairt do Rialúchán eile, agus má tá tagairt do Rialúchán de, nó do sceideal do nó Rialúcháin seo, múna bhfuil sé luaite gur tagairt do Rialúchán nó do Sceideal eile atá i gceist.

(3) Nuair a úsáidtear focal nó ráiteas ins na Rialúcháin seo agus a úsáidtear ins an Treoir, chomh maith, bíonn an brí céanna leo ins na Rialúcháin agus ins an Treoir.

Cur i bhFeidhm

3. Baineann na Rialúcháin seo le gníomhaíochtaí ina bhfuil fostaithe nochta nó, gur dócha go mbeidh siad nochta, do dheannach ag teacht as aispeist nó ó ábhair le aispeist iontu, le linn a gcuid oibre, agus, mar sin ní bheidh aon duine fostaithe i ngníomhaíochtaí dá leithéid i gcoinne na Rialúchán sin.

Dualgas an fhostóra do oibrithe neamh-fhostaithe

4. Nuair a chuirtear dualgais, pé slí ina deirtear a leithéid, ar fhostóir i leith aoinne dá c(h)uid fostaithe ag ionad oibre, beidh an té sin faoi chomaoin i gcás gach duine eile atá ag obair ins an áit oibre sin, atá nochta, nó, a fhéadfadh a bheith nochta, do dheannach le aispeist ann, de réir Rialúcháin 2(1), ach amháin nach mbainfidh na dualgais faoi Rialúcháin 16 (ach amháin i gcás na ndaoine sin atá ins an áit oibre go bhfuil an obair ar siúl ann) agus Rialúcháin ó 18 go dtí 23 le daoine nach bhfuil ag obair dó/di.

Dualgais ghinearálta an fhostóra

5. Beidh sé mar dhualgas ar gach fostóir –

(a) measúnú a dhéanamh ar an riosca do shláinte nó do shábháilteacht fhostaí de dheasca aon ghníomhaíochta go bhfuil, nó go bhféadfadh an fostaí a bheith nochta dó ina áit oibre, nó an dá cheann, do dheannach ó aispeist, nó ábhair go bhfuil aispeist iontu, nó an dá cheann agus ar a shon san nádúr agus grád an nochta ag aon fhostaí do dheannach ag teacht ó aispeist nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu agus na gnáis a leagadh síos atá le déanamh chun sábháilteacht agus Sláinte na bhfostaithe a chinntiú agus ag tógáil san áireamh na rialacha síos i Sceideal 2,

(b) nuair atá nochtadh an fhostaí annamh agus an déine íseal agus nuair atá sé soiléir ó thorthaí an mheasúnaithe riosca go bhfuil tagairt dó in alt (a) nach rachfaí thar theorainn luacha nochta ins an aer mórthimpeall an láthair oibre ní bheidh Rialúcháin 11, 20, nó 21 i gceist sa chás go mbaineann siad seo a leanas leis an obair:

(i) gníomhaíochtaí gairide, neamh-leanúnacha nach láimhseálfar ach ábhair neamh-bhriosc iontu;

(ii) baint, gan briseadh, d'ábhair gan lobhadh ina bhfuil fíocháin na h-aispeiste nasctha go daingean ina mháithreach;

(iii) im-cheangal nó séaladh ábhar le aispeist iontu atá réasúnta maith; nó

(iv) monatóireacht aeir agus smacht, agus bailiú samplaí chun féachaint an bhfuil aispeist in ábhar sainiúil áirithe.

Luach Theorann Nochta

6. Déanfaidh gach fostóir deimhin de nach mbeidh aon fhostaí nochta do thiúchan aispeiste sa bhreis ar 0.1 fíochán per mc^3 mar mheán thar thréimhse ocht n-uair a chloig.

Aitheantas ar láthair aispeiste

7. Ní choir do fhostóir tosú ar aon obair a nochtfadh, nó, go bhfuil baol ann go nochtfadh sé fostaí do dheannach ó aispeist nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu in aon fhoirgneamh múna bhfuil sé nó sí tar éis –

(a) measúnú riosca a dhéanamh féachaint an bhfuil aispeist nó ábhair ina bhfuil aispeist iontu i láthair nó go bhféadfadh sé a bheith i láthair ins na foirgnimh sin; nó

(b) má tá amhras an bhfuil aispeist nó ábhair ina bhfuil aispeist ins na foirgnimh sin caithfidh sé nó sí –

(i) glacadh leis go bhfuil aispeist nó ábhair in bhfuil aispeist iontu sa láthair, agus

(ii) gníomhú de réir na Rialúchán seo mar is cuí.

Aimsiú agus measúnú an riosca

8. (1) Gan dochar do Roinn 19 den Acht agus Rialúcháin 5, sa chás go bhfuil fostaithe nochta, nó go bhféadfadh siad a bheith nochta, do dheannach ó aispeist, nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu, ní ligfidh fostóir do fhostaí aon ghníomhaíocht a dhéanamh gur dócha go leanfadh nochta é mura bhfuil se nó sí tar éis measúnú a dhéanamh ar an riosca a leanfadh an nochta sin.

(2) Nuair atáthar ag déanamh an mheasúnaithe riosca go bhfuil tagairt dó in alt (1) ní foláir don bhfostóir –

(a) an sort aispeiste nó ábhair in a bhfuil aispeist iontu a aithint;

(b) Cuma na h-aispeiste nó na n-ábhar ina bhfuil aispeist iontu a aithint;

(c) measúnú oiriúnach agus cuimsitheach ar an riosca do shláinte na bhfostaithe toisc an nochta sin agus ar na céimeanna a chaithfear a thógáil an nochtadh a sheachaint nó a íosmhéadú agus cloí le riachtanais na Rialúchán seo;

(d) taifead a dhéanamh ar thorthaí tábhachtacha an mheasúnaithe riosca sin a luaithe agus is cuí tar éis don mheasúnú a bheith déanta;

(e) d'fhonn na Rialúchán seo gach measúnú riosca a thaifead agus a choimeád i gcuma buan, agus

(f) na céimeanna go bhfuil tagairt déanta dóibh i bhfo-alt (c) a chur i bhfeidhm.

(3) Gan dochar do leithne alt 1 agus alt 2, déanfaidh na measúnaithe riosca –

(a) amach nádúr agus méid an nochta a bhféadfadh tarlú le linn na h-oibre;

(b) smaoineamh ar éifeacht na ngnáthamh smachta atá á thógáil nó, a thógfar chun cosc a chur, nó laghdú le nochtadh do aispeist;

(c) smaoineamh ar thorthaí mheasúnaithe an nochta de réir Rialúcháin 10;

(d) céimeanna a leagadh amach chun nochtadh a chosc nó é a ísliú chun an leibhéal is ísle gur féidir a dhéanamh go praiticiúil, réasúnta;

(e) machnamh ar iarmhartaí monatóireachta cuí; agus

(f) an t-eolas breise seo a chuir isteach a bheadh ag teastáil ón bhfostóir chun an measúnú riosca a chríochnú de réir na Rialúchán seo.

(4) Déanfar athbhreithniú rialta amach anseo sa chás –

(a) go gceaptar go bhfuil an measúnú mí-cheart;

(b) go bhfuil cúis go mbeifí amhrasach nach bhfuil an measúnú mar atá bailí a thuilleadh;

(c) go bhfuil athrú bunúsach san ngníomhaíocht go mbaineann an measúnú riosca leis, nó

(d) go dtaispeánann torthaí aon mhonatóireachta a déanadh de réir Rialúchán 10 go bhfuil sé riachtanach,

agus sa chás, mar thoradh ar an athbhreithniú, go gcaithfear athruithe ar na measúnaithe riosca, déanfar na h-athruithe sin, agus taifead orthu, agus aon ghnéithe riachtanacha curtha i bhfeidhm.

(5) Rachaidh aon fhostóir, nuair a bhíonn sé ag ullmhú measúnú riosca, faoin Rialúcháin seo, i gcomhairle leis na fostaithe i gceist, nó lena n-ionadaithe, nó leo araon, i dtaobh an mheasúnú riosca.

(6) In ainneoin alt (1), san áit go bhfuil an ghníomhaíocht, go mbaineann an t-alt sin leis ar siúl ann, nó atá tosaithe laistigh den dtréimhse 14 lá tar éis na Rialúcháin seo a bheith tosaithe agus a leanfaidh thar an tréimhse sin, is leor don bhfostóir measúnú den nochtadh laistigh den dtréimhse sin ina ndéanann an measúnú amach nádúr, céim agus faid an nochta mar atá anois, nó mar is dóichí a bheidh ann.

Céimeanna ginearálta a bhaineann le nochtadh do aispeist

9. (1) Dos na gníomhaíochtaí go léir go bhfuil tagairt dóibh i Rialúcháin 3 (ach faoi smacht Rialúchán 5(b)) go bhfuil nochtadh, nó gur dhócha go mbeidh nochtadh ag fostaithe i láthair na hoibre do dheannach ag teacht as aispeist nó as ábhair go bhfuil aispeist iontu, ní foláir don bhfostóir an nochtadh sin a laghdú don íosmhéid, agus ar a laghad níos ísle ná luach na teorann nochta leagtha síos ag Rialúchán 6, agus go h-áirithe trí na céimeanna leagtha síos in alt (2).

(2) Do aidhmeanna alt (1) ní foláir don bhfostóir -

(a) líon na bhfostaithe atá nochta, nó gur dócha go mbeidh nochta, do dheannach ó aispeist nó do ábhair le aispeist iontu, nó iad araon, a laghdú don uimhir is ísle gur féidir;

(b) a dheimhniú go bhfuil próiseas agus córais oibre deartha sa tslí nach dtairgfí deannach aispeiste agus, mura bhfuil sin indéanta, scaoileadh an deannaigh aispeiste san aer a sheachaint;

(c) a dheimhniú go bhfuil gach foirgneamh agus trealamh bainteach le h-úsáid na h-aispeiste in ann a bheith glanta go h-éifeachtach agus go rialta, chomh maith le bheith á gcothabháil;

(d) a dheimhniú go stóráiltear agus go n-iompraítear aispeist nó aispeist a ghineann deannach i bpacáistí séalaithe dá leithéid;

(e) a dheimhniú go mbailítear fuíoll agus go dtógtar é chomh luath agus is féidir i bpacáistí cuí, séalaithe agus lipéid orthu ag insint go bhfuil aispeist iontu (ach amháin i dtaobh gníomhaíochta mianadóireachta ata ar siúl san áit sin).

(3) In ainneoin na n-ábhar in alta 1 agus 2 agus faoi choinníoll ag Rialúchán 5 (b) áit go bhfuil fostaithe nochta, nó a fhéadfadh a bheith nochta, le linn a gcuid oibre do dheannach ó aispeist, nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu, cuirfidh na fostóirí na gnéithe luaite i Sceideal 2 i bhfeidhm agus gnéithe cuí eile chun –

(a) chun críochú soiléir agus treoraithe rabhaidh fónta dos na ceantair go dtarlaíonn na gníomhaíochtaí sin iontu a dheimhniú;

(b) deimhniú go mbeidh éadaí oiriúnacha cosanta á gcaitheamh ag na fostaithe ins an gceantar go mbaineann fo-alt (a) leis;

(c) deimhin a dhéanamh nach bhfuil aon cheantar go mbaineann fo-alt (a) leis in-sroichte do fhostaithe seachas dóibh san gur gá dóibh, toisc a gcúraimí oibre dul isteach san áit ;

(d) deimhin a dhéanamh de nach gcaitheann aon fhostaí tobac in aon cheantar go mbaineann fo-alt (a) leis;

(e) deimhin a dhéanamh de, sa chás nach féidir an nochtadh a laghdú go réasúnta in aon slí eile, go soláthraítear trealamh análaithe cosanta don uile dhuine agus foláireamh a chur orthu é a chaitheamh.

(4) Níl aon ní in alt 2 (e) go bhféachfar air mar go bhfuil sé ag cur laincis ar Rialúcháin 1998 (I.R. 147 de 1998) an Bhainistíocht Fuíoll (Iompar Fuíoll Contúirteach) agus iad ag

cur de láimh an fhuílll, eadhon deannach agus fíocháin aispeiste óna ngníomhaíochtaí mianadóireachta.

Tomhas na h-aispeiste san aer

10. (1) Nuair a insíonn an chéad mheasúnú de réir Rialúcháin 8 go bhfuil an méid fíochán aispeiste san aer ag an láthair oibre cothrom le nó níos mó ná an luach teorann tomhaisfear an méid aispeiste san aer ag an láthair oibre ar bhonn rialta.

(2) D'fhonn an méid aispeiste san aer a thomhas –

(a) beidh na samplaí ag seasamh do nochtadh pearsanta an fhostaí do dheannach as aispeist nó as ábhair ina bhfuil aispeist iontu;

(b) beidh an tsampláil déanta ag duine ábalta tar éis don bhfostóir dul i gcomhairle leis na fostaithe i gceist, nó lena n-ionadaithe, nó iad araon, i dtaobh na samplála ag an áit oibre;

(c) nuair a tógtar na samplaí déanfar anailís orthu ina dhiaidh sin ag duine ábalta de réir an mhodha mholta atá imlínithe i fo-alt (e) agus Sceideal 2 i saotharlanna le trealamh acu chun fíocháin a chomhaireamh;

(d) beidh faid na samplála sa tslí gur féidir le nochtadh sainiúil a bheith faighte amach agus tagairt á dhéanamh do thréimhse ocht n-uaire cloig (tréimhse oibre) trí áireamh tomhais bunaithe ar am áirithe;

(e) Déanfar áireamh ar na fíocháin pé ait gur féidir le MPC (Mion-dearcán Pas-Contráilteacht) de réir an mhodha atá molta ag an ESD (Eagraíocht Sláinte Domhanda) 1997 nó de réir aon mhodh a thugann torthaí cosúla.

(3) D'fhonn aispeist a thomhas san aer, mar atá luaite in Alt (1) ní thógfar san áireamh ach fíocháin go bhfuil faid de níos mó ná 5 micro-méadar agus leithead de níos lú ná 3 micro-méadar agus coibhneas faid/leithead níos mó ná 3:1 acu.

Riachtanais fógra a thabhairt

11. (1) De réir Rialúcháin 5 (b) níl cead ag aon fhostóir aon ní a dhéanamh a nochtfadh nó, gur dhócha go nochtfadh, fostaí do dheannach ag teacht ó aispeist nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu, mura bhfuil sé nó sí tar éis fógra scríofa, ar a bhfuil nithe luaite i Sceideal 3 ann, ullmhaithe agus curtha chuig an Údarás i dtreo is go mbeadh se faighte ag an Údarás ceithre lá dhéag, ar a laghad, nó níos túisce, ag braith ar thoil scríofa an Údaráis, sula dtosaítear ar aon ghníomhaíocht.

(2) Sa chás go bhfuil fógra i dtaobh oibre tugtha ag fostóir de réir alt (1) agus go bhfuil athrú sainiúil i nádúr na h-oibre sin a rachadh i bhfeidhm ar na sonraí fógartha (agus stopadh na h-oibre san áireamh) cuirfidh an fostóir an t-athrú sin in iúl don Údarás i scríbhinn.

(3) De réir alt (2), cuirfidh an fostóir fógra nua i scríbhinn don Údarás ag tógáil san áireamh na h-athruithe mar atá luaite san alt sin agus, chomh maith, na cúiseanna a bhí leis an bhfógra nua.

(4) In ainneoin alt (1), sa chás go bhfuil gníomhaíocht, a bhaineann leis an alt sin ar siúl, nó a thosófar laistigh den dtréimhse 14 lá tar éis teacht i bhfeidhm na Rialúchán seo, agus a leanfaidh ar aghaidh i ndiaidh an tréimhse sin, is leor don bhfostaí fógra scríofa a ullmhú ina bheidh sonraí ar ghnéithe luaite i Sceideal 3 agus é a chur i lámha an Údaráis laistigh den dtréimhse sin.

(5) Coimeádfaidh fostóir cóip de gach fógra seolta chuig an Údarás faoi an Rialúchán seo agus cóip de gach uile doiciméad go mbaineann alta (2) agus (3) leo agus ceadóidh siad teacht orthu, ag am réasúnta do –

(a) aon fhostaí do aon fhógra dá leithéid nó do aon doiciméad eile a bhaineann le láthair oibre agus le obair an fhostaí sin, agus

(b) aon ionadaí an fhostaí do aon fhógra nó do aon doiciméad eile a bhaineann le obair nó le gníomhaíochtaí oibre fostaithe go bhfuil ionadaithe ag seasamh don fhostaí sin.

Ábhair go gceaptar go bhfuil aispeist iontu

12. (1) Tógfaidh fostóirí gach céim riachtanach chun ábhair go gceaptar bhfuil aispeist iontu a aithint ag foirgnimh nó ag láthair oibre sula dtosaíonn siad ag leagadh, ag tógáil uaidh, nó ag déanamh obair chothabhála ag an bhfoirgneamh sin nó ag an láthair oibre.

(2) Mar is cuí, gheobhaidh fostóirí eolas bainteach le h-ábhair gur dócha go bhfuil aispeist iontu ó úinéirí foirgneamh dá leithéid nó láithreacha oibre.

(3) Má tá aon amhras faoi aispeist a bheith in ábhar nó i dtógáil cloífear le forálacha na Rialúchán seo.

Mar is cóir gníomhú má téitear thar luach na teorann nochta (Neamh-réamh-fheicthe)

13. (1) In áit go bhfuil fostaithe nochta, le linn a gcuid oibre, do dheannach ag teacht as aispeist nó as ábhair go bhfuil aispeist iontu, go bhfuil de thoradh air go bhfuil luach teorann nochta sroichte aithneoidh an fostóir na cúiseanna leis an teorainn a bheith sáraithe agus cuirfidh sé na réitigh chuí i bhfeidhm chun cúrsaí a leigheas chomh luath agus is féidir.

(2) Déanfaidh na fostóirí deimhin de nach leanfar leis an obair san áit faoi chaibidil go dtí go socrófar cúrsaí mar is cuí chun na fostaithe a chosaint.

(3) I leith alt (1) chun éifeacht na ngnéithe tógtha ag an fostóir a thástáil déanfaidh sé scrúdú eile ar thiúchan na h-aispeiste san aer láithreach.

(4) Sa chás nach féidir an nochtadh a laghdú in aon slí eile, agus nuair atá sé riachtanach trealamh aonarach análaithe a chaitheamh chun cloí leis an teorainn íos-luach, tharlódh sé nach mbeadh sé seo ann de shíor agus coimeádfar é ag an gcruinn íos-mhéid riachtanach do gach fostaí.

(5) Le linn tréimhse oibre go mbíonn ar fhostaithe trealamh aonarach, cosanta análaithe a chaitheamh tabharfaidh an fostóir an caoi sosa in oiriúint do na coinníollacha fisiceacha agus aimsire tar éis dul i gcomhairle leis na fostaithe nó lena n-ionadaithe ag a láthair oibre.

Mar is cóir gníomhú má théitear thar luach nochta (Réamh-infheicthe)

14. (1) Sa chás in aon áit go bhfuil sé réamh-infheicthe de thoradh gníomhaíochtaí áirithe mar threascairt tithe, aistriú, socrú agus cothabháil beidh tiúchan na h-aispeiste sa bhreis ar an luach teorann nochta, in ainneoin úsáid ghnás teicniúil coiscithe chun an aispeist a theorannú san aer, déanfaidh an fostóir, sula ndéanfar an obair a thosú, amach agus cuirfidh se na nithe atá riachtanach i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt dos na fostaithe ón aispeist san aer nuair atá siad i mbun oibre dá leithéid, agus go h-áirithe –

(a) eiseoidh siad trealamh oiriúnach análaithe agus trealamh cosanta pearsanta dos na fostaithe go bhfuil dualgas orthu é a chaitheamh;

(b) cuirfidh siad in airde agus déanfaidh siad cothabháil ar chomharthaí so-léite, rabhaidh ag léiriú na gceantar go bhféachfadh sé go mbeadh an luach teorainn nochta sa bhreis iontu;

(c) deimhin a dhéanamh de go stopfar leathnú an deannaigh ón aispeist agus ó ábhair go bhfuil aispeist iontu lasmuigh des na foirgnimh nó den láthair oibre, agus

(d) a chur in iúl do gach fostaí i dtaobh a d(h)ualgas de réir alt (2).

(2) Caithfidh aon fhostaí, go mbaineann alt (1) leis cloí le mhodh cuí atá déanta amach agus curtha i bhfeidhm de réir alt (1)(d).

(3) Caithfidh aon fhostóir, go mbaineann alt (1) leis, sula ndéanann sé an gníomhaíocht áirithe sin, dul i gcomhairle leis na fostaithe i gceist, nó lena n-ionadaí, nó leo araon i dtaobh na ngnéithe go mbaineann an t-alt sin leo.

Plean oibre

15. (1) Sa chás go bhfuil aon treascairt tí, nó aon obair eile go mbaineann baint aispeiste, nó táirgí go bhfuil aispeist iontu ó aon fhoirgneamh, struchtúr eile, monarcha, feiste nó

long pé acu go mbaineann a leithéid le treascairt iomlán an struchtúir, nó nach mbaineann, ní thosóidh an obair sin go dtí go mbíonn plean oibre déanta i scríbhinn ag léiriú conas a chuirfear an obair sin i gcríoch.

(2) Ag braith ar fhorálacha eile na Rialúchán, soiléireoidh an plean oibre, go bhfuil tagairt dó in alt (1), na gnéithe atá riachtanach chun sláinte agus sábháilteacht an fhostaí a chinntiú ag an áit go mbeidh an obair sin ar siúl ann.

(3) Sonróidh an plean oibre, go bhfuil tagairt dó in alt (1) -

(a) go dtógtar aispeist agus táirgí go bhfuil aispeist iontu, chomh fada agus is féidir é sin a dhéanamh go praiticiúil, sula dtosaítear ar theicnící treascartha nó ar athruithe móra a dhéanamh ar fhoirgnimh, ach amháin i gcás go mbeadh baol níos mó do oibrithe lena thógáil seachas an aispeist agus táirgí le aispeist iontu a fhágáil mar a bhfuil siad;

(b) go soláthrófaí trealamh pearsanta cosanta, go bhfuil tagairt dó i Rialúchán 14(1)(a) dos na fostaithe i gceist;

(c) clúdóidh an t-eolas -

(i) nádúr agus faid na tréimhse oibre, go h-achomair,

(ii) an láthair ar a ndéanfar an obair,

(iii) na modhanna úsáidte nuair a chaithfear an aispeist, nó ábhair le aispeist iontu, a láimhseáil, agus

(iv) tréithe an trealaimh úsáidte do -

(A) cosaint agus dí-thruailliú na bhfostaithe atá ag déanamh na h-oibre, agus

(B) cosaint daoine eile i láthair nó cóngarach don láthair oibre.

(4) Ba chóir go mbeadh iata san bplean oibre, go bhfuil tagairt dó in alt (1) eolas faoi na slite riachtanacha uile seachana a thógfar chun deimhin a dhéanamh de ná déanfaidh treascairt tí, struchtúir nó feiste go bhfuil aispeist nó ábhair go bhfuil aispeist iontu, nó an dá cheann, agus tógáil ón áit sin de aispeist nó d'ábhair go bhfuil fíocháin aispeiste nó deannach iontu, truailliú mór timpeallachta, aispeiste.

(5) Cloífear le gach plean oibre atá déanta de réir an Rialúcháin seo.

(6) I gcás go bhfuil plean oibre riachtanach de réir alt (1), tabharfar cóip de don Údarás ceithre lá déag roimh thosú na h-oibre go mbaineann an plean leis, agus beidh sé ar fáil do chigire, nó mar a tharlódh, do dhuine údaraithe de réir bhrí –

(i) Achta Thruaillithe Aeir, 1987 (Uimhir 6 de 1987), nó

(ii) na n-Achta Bainistíochta Fuíoll 1996 – 2005.

(7) Nuair a chríochnaítear treascairt tí agus an fuíoll a thógáil ón áit gheobhaidh an fostóir a dhein a leithéid sin oibre teastas scríofa ag insint i dtaobh fhírinne easpa baoil nochta san ionad oibre do aispeist go nglaetar "*suíomh glanta le h-aghaidh athlonnaithe"* air.

(8) D'fhonn aidhmeanna alt (7) gheobhaidh an fostóir duine stuama chun a fháil amach an bhfuil na foirgnimh nó cuid de na foirgnimh go raibh an obair leis an aispeist ar siúl ann glanta ina n-iomlán tar éis na h-oibre agus go bhfuil sé in oiriúint do athlonnú.

(9) D'fhonn aidhmeanna an Rialúcháin seo déanfaidh an fostóir deimhin de-

(a) go mbeidh monatóireacht ar ghlanadh an tsuímh leis an tsúil agus ins an aer,

(b) go bhfuil glanadh an tsuímh déanta ag anailísí stuama, neamhspleách, agus

(c) teastas glanta suímh a fháil i scríbhinn roimh athlonnú nó leanúint le h-oibreacha eile ag an suíomh nó ag na foirgnimh.

(10) Eisítear teastas glanta, ar iarratas, do chigire.

Inniúlacht obair le aispeist

16. (1) Ní foláir do dhuine, sula ndéanann sé aon obair a bhaineann le treascairt tí nó aistriú fuílll go bhfuil aispeist i gceist leo, fianaise a sholáthar ar a inniúlacht don obair sin don duine go bhfuil an obair ar siúl dó agus, ar iarratas, do chigire.

(2) Ag tógáil san áireamh forálacha cuid 2(2) den Acht, beidh an t-eolas atá luaite i Sceideal 4, mar go bhfuil sé oiriúnach agus bainteach leis an obair, mar chuid den fhianaise go bhfuil tagairt dó in alt (1).

Traenáil agus Eolas

17. (1) Gan faillí ar ranna 8 agus 10 den Acht, agus ag tógáil roinn 21 den acht sa áireamh soláthróidh fostóirí traenáil chuí agus go leor eolais dos na h-oibrithe go léir atá, nó gur dócha go mbeidh nochta do dheannach le aispeist ann.

(2) An traenáil ata luaite in alt (1) beidh sé soiléir le tuiscint dos na fostaithe agus tabharfaidh sé an caoi dóibh an t-eolas agus na scileanna riachtanach do chosc agus do shábháilteacht, go h-áirithe i leith –

(a) na rioscaí do shláinte ó nochtadh do dheannach ó aispeist, nó ó ábhair go bhfuil aispeist iontu;

(b) marthain agus brí luach teorann nochta, sean-bhunaithe;

(c) na ngníomhaíochtaí go bhféadfadh nochtadh do aispeist a leanúint;

(d) an tábhacht a bhaineann le smachta cosc chun nochtadh a íoslaghdú;

(e) an teorainn smachta agus an gá le monatóireacht atmaisféir;

(f) eilimintí aispeiste agus a éifeacht ar shláinte agus an éifeacht ag tobac i dteannta aispeiste ar shláinte;

(g) na sóirt agus táirgí nó ábhair gur dócha go bhfuil aispeist iontu;

(h) na riachtanais sláinteacha, agus staonadh ón gcaitheamh, ó ithe agus ó ólachán nuair atá an baol ann do nochtadh do aispeist;

(i) cleachtais oibre sábháilte, modhanna smachta agus trealamh cosanta;

(j) an ról ceart, an rogha, an togha, na teorainn agus úsáid cheart; trealaimh ath-análaithe;

(k) na réamh-chúraim a chaitear a thógáil chun na riosca a sheachaint nó a íos-laghdú a bhaineann le nochtadh do dheannach le aispeist ann, leis an ngá éadach cosanta a chaitheamh agus trealamh cosanta a úsáid;

(l) gnáthaimh éigeandála;

(m) gnáthaimh dhí-thruaillithe;

(n) gnáthaimh chur de láimh an fhuílll; agus

(o) riachtanais scrúdaithe liachta.

(3) Beidh an traenáil agus an t-eolas atá riachtanach faoi alt (1)

(a) tugtha go rialta;

(b) déanta chun na h-athruithe tábhachtacha ins an cineál oibre, a déantar, nó modhanna oibre úsáidte ag an bhfostóir, a thógáil sa áireamh; agus

(c) agus tugtha i modh atá in oiriúint do nádúr agus do mhéid an nochtadh aitheanta ag an measúnú riosca, agus i dtreo is go bhfuil na fostaithe ar a n-eolas faoi agus go dtuigeann siad -

(i) torthaí tábhachtacha mheasúnaithe an riosca, agus

(ii) torthaí ar aon mhonatóireacht déanta le míniúcháin ar na torthaí.

(4) I dteannta na modhanna leagtha síos in alt (1) agus faoi réir ag Rialúchán 5 (b) déanfaidh na fostóirí deimhin de -

(a) go mbeidh teacht ag na fostaithe i gceist nó ag a n-ionadaithe, nó iad araon, ar thorthaí thomhas na h-aispeiste san aer go míneofar a dtábhacht,

(b) má thaispeánann torthaí na h-aispeiste san aer go raibh an luach teorann nochta á shroicheadh, nó imithe thairis in aon áit oibre, inseoidh siad dos na fostaithe nó dá n-ionadaithe, nó, dóibh araon, faoi seo chomh tapa agus is féidir, agus an chúis a bhí leis, agus rachaidh an fostóir i gcomhairle leis na fostaithe nó lena n-ionadaithe i dtaobh na nithe a chaithfí a dhéanamh chun an fhadhb a leigheas, nó, i gcás práinne déarfaidh an fostóir leo faoi na nithe atá déanta.

(5) Déanfaidh gach fostóir taifid faoin dtraenáil atá tugtha do fhostaithe aonaracha.

(6) Ní foláir taifid traenála, mar atá luaite in alt 5, a bheith curtha ar fáil do chigire, ar iarratas.

(7) Tabharfaidh gach fostóir aird ar aon treoirlínte cuí foilsithe ag an Pobal Eorpach nuair atá sé/sí ag soláthar traenála dos na fostaithe ag obair ar bhaint na h-aispeiste nó ábhair le aispeist orthu.

Soláthar agus glanadh éadaí cosanta

18. (1) Soláthróidh gach fostóir éadaí cosanta acmhainneach go leor agus oiriúnach dá gcuid bhfostaithe atá nochta, nó go bhfuil seans ann go mbeidís nochta do aispeist, nó do ábhair go bhfuil aispeist iontu.

(2) Déanfaidh gach fostóir deimhin de go bhfuil éadaí cosanta atá soláthraithe de réir alt (1) curtha de láimh mar fhuíoll aispeiste nó, go bhfuil sé glanta i gceart.

(3) Déanfar an glanadh, atá riachtanach de réir alt (2), ins na foirgnimh gur tharla an nochtadh iontu má tá na foirgnimh sin in oiriúint dona leithéid de ghlanadh nó i neachtlann go bhfuil na fearais chearta ann dó.

(4) Déanfaidh gach fostóir deimhin de go bhfuil éadaí cosanta atá úsáidte agus atá le bheith tógtha ó na foirgnimh, go bhfuil tagairt dó in alt (3) (bíodh sé do ghlanadh nó do chur de láimh) go bhfuil sé pacáilte go daingean, sula dtógtar é, i dtaisceadán agus go bhfuil na lipéid chearta air á rá gur aispeist atá ann bíodh sé le h-aghaidh a ghlanta nó a chur de láimh mar fhuíoll aispeiste.

(5) Nuair a tharlaíonn sé, de thoradh teip, nó mí-úsáid na n-éadaí soláthraithe de réir alt (1), go bhfosaítear aispeist ar éadaí pearsanta an fhostaí, féachfar ar na h-éadaí pearsanta san mar gur éadaí cosanta iad, i leith alta (2), (3) agus (4).

An gnáth-dhochtúir atá freagrach

19. (1) Ar son aidhmeanna na Rialúchán seo sé a chiallaíonn gnáth dhochtúir atá freagrach, ná gnáth dhochtúir cláraithe fostaithe, nó ceaptha in aon slí eile, ag fostóir chun a bheith freagrach as faire ar shláinte na bhfostaithe, faoi na Rialúcháin seo.

(2) Sé a chiallaíonn "gnáth-dhochtúir freagrach" i leith alt (1) ná –

(a) i gcás go bhfuil gnáth-dhochtúir freagrach fostaithe go buan go páirt aimsire nó go lán aimsire ag fostóir (agus, fiú fostóir atá mar chomharba i dteideal do fhostóir eile), mar ghnáth-dhochtúir don am i láthair,

(b) sa chás go bhfuil gnáth-dhochtúir don am i láthair fostaithe ó am go céile i leith na Rialúchán seo, an gnáth-dhochtúir seo, agus

(c) in aon chás eile, an duine deireanach a bhí mar an gnáth-dhochtúir freagrach, i leith na bhfostaithe i gceist, an fhaid is go leanann sé mar ghnáth-dhochtúir freagrach.

Measúnú ar shláinte na bhfostaithe

20. (1) Gan faillí a dhéanamh ar fhorálacha roinn 22 den Acht agus faoi smacht Rialúchán 5(b) i gcás go bhfuil fostaithe i ngníomhaíochtaí i láthair oibre go bhféadfaidís a bheith nochta do dheannach ag éirí as aispeist, nó as ábhair go bhfuil aispeist iontu, déanfaidh an fostóir i gceist deimhin de –

(a) go bhfuil socruithe déanta go bhféadfadh aon fhostaí teacht ar mheasúnú ar a s(h)láinte de réir alta 2(a) nó 2(b) mar is cuí, agus

(b) go ndéanfar an measúnú (go bhfuil tagairt dó i bhfo-alt (a) ins na Rialúcháin seo mar "measúnú sláinte") ag gnáth-dhochtúir freagrach.

(2) Déanfar measúnú ar shláinte -

(a) roimh an nochtadh don deannach ag éirí as aispeist nó as ábhair go bhfuil aispeist iontu ag láthair na h-oibre agus beidh scrúdú brollaigh faoi leith i gceist san mheasúnú sin;
(b) sa chás go bhfuil an nochtadh nó féidearthacht nochtadh, (le, nó, gan briseadh) ar siúl i láthair oibre, uair amháin ar a laghad thar thréimhse gach trí bhliain nó thar thréimhse níos giorra faoi mar a bheartódh an gnáth-dhochtúir freagrach.

(3) Sé a dhéanfaidh gach fostóir go mbaineann alta (1) agus (2) leo ná –

(a) deimhin a dhéanamh de go bhfuil socruithe déanta chun measúnú a dhéanamh, atá fónta agus oiriúnach, ag gnáth-dhochtúir freagrach ar shláinte gach fostaí bainteach leis an rud;

(b) fógra luath go leor des na socruithe sin a thabhairt do na fostaithe atá i gceist i dtreo is go bhféadfaidís gníomhú de réir ailt (3), agus

(c) conláistí a sholáthar don ghnáth-dhochtúir i dtreo is go bhféadfadh sé nó sí dul i dtaithí ar na coinníollacha nochta do gach fostaí ag a áit oibre faoi leith.

(4) Sé a dhéanfaidh gach fostaí ag an áit oibre, go mbaineann alta (1) agus (2) leis ná –

(a) a oiread eolais a thabhairt don ghnáth-dhochtúir i gceist a bheadh uaidh chun measúnú a bheith déanta i leith aidhmeanna alt (5) agus

(b) páirt a ghlacadh ins na trialacha go gceapann an gnáth-dhochtúir freagrach atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh i leith alt (5) agus ag tógáil san áireamh forálacha Sceideal 5.

(5) Beidh measúnú déanta i dtaobh gach fostaí ag gnáth-dhochtúir freagrach tar éis agallamh leis agus scrúdú liachta ar an bhfostaí (ina bhféadfadh scrúdú chliabhraigh a bheith ann mar atá á lorg ag an gnáth-dhochtúir freagrach de réir phrionsabal agus cleachtais liachta san láthair oibre) agus aon trialacha eile atá ag teastáil uaidh/uaithi ar an bhfostaí sin ag tógáil san áireamh forálacha Sceideal 5.

(6) Nuair a dhéanfaidh gnáth-dhochtúir freagrach measúnú sláinte ar fhostaí sé a dhéanfaidh sé ná –

(a) nuair atá sé cuí, comhairle a thabhairt nó socrú ar aon nithe atá le déanamh agus d'fheadfadh sé go dtarlódh go gcaithfeadh an fostaí tarrach amach as aon nochtadh do aispeist, agus

(b) fianaise a thabhairt, trí iontráil a chur isteach ar chlár liachta an láthair oibre, pé acu an bhfuil an fostaí in ann, gan a bheith in ann nó in ann, le laincisí áirithe, do bheith nochta do thiúchan fíochán san aer cothrom le nó sa bhreis ar an luach teorann nochta.

(7) Tar éis measúnú sláinte, d'fhéadfadh an gnáth-dhochtúir, atá freagrach as faire ar shláinte na bhfostaithe, a mholadh go leanfadh an faire tar éis deireadh an nochta chomh fada is a cheapann sé go bhfuil sé riachtanach chun sláinte an fhostaí i gceist a chosaint.

Taifid Liachta bainteach le measúnú sláinte

21. (1) Coimeádfaidh an gnáth-dhochtúir freagrach taifid mheasúnaithe na bhfostaithe aonaracha, déanta ag gnáth-dhochtúir freagrach, agus an t-eolas iontu mar atá luaite in Sceideal 5.

(2) Beidh na taifid liachta do gach fostaí, nó cóipeanna díobh, coimeádta ag an gnáth-dhochtúir ar feadh 40 bliain tar éis an mheasúnaithe dheiridh a bheith scríofa isteach, d'fhonn na Rialúchán seo.

(3) Nuair atá sé riachtanach, ag aon am, ar son aidhmeanna an Rialúcháin seo, taifid liachta atá ann cheana a aistriú chuig duine atá mar an gnáth-dhochtúir freagrach anois, beidh siad aistrithe ag an té deireanach a bhí mar ghnáth-dhochtúir freagrach as na taifid sin, nó, mar a tharlódh, ag ionadaithe pearsanta an té sin.

(4) I gcás go bhfuil aon chonspóid nó deacracht ag teacht as an tslí ina bhfuil na taifid, go mbaineann an Rialúchán seo leo, coimeádta nó aistrithe déanfaidh an t-Údarás socrú faoi agus rachaidh a chinneadh i bhfeidhm dá réir.

Athbhreithniú ar chinneadh an mheasúnaithe sláinte

22. (1) Sa chás go bhfuil fostaí nó a f(h)óstóir mí shásta le cinneadh a dhein gnáth-dhochtúir freagrach bainteach le Rialúchán 20(6) i ndiaidh mheasúnaithe is féidir le ceachtar acu cur isteach ar athbhreithniú ar an measúnú agus ar an gcinneadh go dtí an Údarás laistigh de 28 lá i ndiaidh an chinneadh do bheith déanta.

(2) Sa chás go dtoilíonn an t-Údarás, tar éis iarratas a fhail faoi alt (1), le h-athbhreithniú, beidh an measúnú agus an cinneadh athbhreithnithe ag duine ainmnithe aige de réir roinn 63 den Acht.

(3) Beidh athbhreithniú dá leithéid, faoin Rialúchán seo, rite mar a cheapfaidh an té a bheidh roghnaithe don ghné, i modh atá oiriúnach do na coinníollacha.

Scaoileadh le h-eolas atá ins na measúnaithe sláinte

23. (1) Tar éis fógra réasúnta a bheith tugtha ag fostaí don ghnáth-dhochtúir freagrach, tabharfar cead dó/di teacht ar an eolas atá ins an taifead sláinte, atá coimeádta de réir na Rialúchán seo.

(2) Sa chás go bhfuil measúnú déanta ar shláinte fhostaí, de réir na Rialúchán seo, ag aon am tar éis deireadh an nochta do aispeist, tabharfaidh an gnáth-dhochtúir freagrach eolas agus comhairle i dtaobh an mheasúnaithe dó/di.

(3) Sa Rialúchán seo ciallaíonn "fostaí" fostaí a d'oibrigh cheana don bhfostóir, chomh maith.

Clár Aispeastóis agus Siada Urchóideacha

24. (1) Bunóidh an t-Údarás agus déanfaidh sé cothabháil ar Chlár, go nglaofar "Clár Aispeastóis agus Siada Urchóideacha" de ghalair atá tuairiscithe leis an Údarás de réir alt (2).

(2) Sa chás go bhfaigheann gnáth-dhochtúir cláraithe amach faoi chás Aispeastóis nó Siad Urchóideach tuairisceoidh sé faoi i scríbhinn don Údarás agus beidh sé de dhualgas ag duine ainmnithe ag an Údarás faoi roinn 63 den Acht an tuairisc a ghlacadh ar son an Údaráis agus é a scríobh isteach san Chlár.

Clár Sláinte san áit Oibre

25. (1) Ag braith ar Rialúchán 5 (b), sa chás go bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl, ina bhfuil, nó ina bhféadfadh na fostaithe ina láthair oibre a bheith nochta do dheannach ag éirí as aispeist, nó as ábhair ina bhfuil aispeist iontu, nó go bhfuil measúnú sláinte déanta de réir Rialúchán 20, beidh sé de dhualgas ag gach fostóir, go mbaineann na Rialúcháin seo leo, clár a choimeád, agus a chothabháil ina dhiaidh sin a bheidh ainmnithe, agus go mbeidh tagairt dó ins na Rialúcháin seo mar " clár sláinte san láthair oibre" ina bhfuil eolas luaite in Sceideal 6 faoi gach fostaí atá, nó a fhéadfadh a bheith nochta, le linn a c(h)uid oibre, do dheannach ag éirí as aispeist nó as ábhair go bhfuil aispeist iontu.

(2) Ceadóidh fostóir don ghnáth-dhochtúir freagrach féachaint ar an gclár sláinte san áit oibre ag aon am.

(3) Ceadóidh fostóir do chigire nó do dhuine ainmnithe ag an Údarás teacht ar an gclár sláinte san áit oibre ag aon am.

(4) Má tugtar fógra réasúnta, ceadóidh fostóir do aon fhostaí teacht ar na h-iontrálacha san gclár sláinte san áit oibre a bhaineann leis nó léi .

(5) Má tugtar fógra réasúnta ceadóidh fostóir do fhostaí, nó dá (h)-ionadaí, nó dóibh araon, teacht ar an eolas san gclár sláinte san áit oibre faoi gach fostaí ann, sa tslí nach n-aithneofaí aon duine faoi leith, go mbaineann an t-eolas leis, atá á thabhairt amach agus, más cuí, soláthróidh an fostóir an t-eolas sin i bhfoirm chomhchoiteann.

(6) Coimeádfaidh agus déanfaidh an fostóir cothabháil ar an gclár sláinte ar feadh 40 bliain i ndiaidh deireadh an nochta.

(7) Nuair a éiríonn fostóir as, nó nuair atá se ar tí éirí as a ghnó agus go bhfuil clár sláinte san áit oibre ar marthain go mbaineann alt 6 leis cuirfidh an duine cuí –

(a) é sin in iúl don údarás, agus

(b) cuirfidh sé an clár sláinte san áit oibre i dtaisce le pé duine a deireann an t-Údarás.

(8) Sa chás go gcuirtear an clár sláinte i dtaisce le duine de réir treoir faoi alt 7(b) glactar leis gurab é sin an fostóir ar son alt (6).

(9) Ins an Rialúchán seo sé a bhíonn i gceist le "duine cuí" i gcás an chláir sláinte san áit oibre, agus faoi mar a bheadh ag teastáil ag an am, sa chás gur corparáid atá ag teacht chun deiridh an leachtaitheoir an duine, agus in aon chás eile an té go bhfuil an clár aige.

Coisc

26. Gan faillí a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha Phobail ar mhargaíocht agus úsáid na h-aispeiste, beidh cosc ar ghníomhaíochtaí go leanann nochtadh do fhostaithe do fhíocháin aispeiste le linn úscadh na h-aispeiste nó le linn déantús agus próiseáil na dtáirgí le aispeist tríothu, d'aon ghnó. Beidh eisceacht déanta i gcás cóireála agus cur de láimh táirgí de thoradh threascairt tí agus baint aispeiste.

Aisghairmeacha

27. (1) Tá siad seo a leanas ais-ghairmithe-

(a) Rialúcháin na bPobal Eorpach (Cosaint Fhostaithe) (Nochtadh do Aispeist) 1989 (I.R. Uimh. 34 de 1989),

(b) Rialúcháin na bPobal Eorpach (Cosaint Fhostaithe) (Nochtadh do Aispeist) (Leasaithe) 1993 (I.R. Uimh.276 de 1993), agus

(c) Rialúcháin na bPobal Eorpach (Cosaint Fhostaithe) (Nochtadh do Aispeist) (Leasaithe) 2000 (I.R. Uimh. 74 de 2000).

Sceideal 1

Rialúchán 2(1)

Míniúchán Aispeiste

Ciallaíonn “Aispeist” na sileacáit fíochán seo a leanas:

- Aispeist actinolite, SÚC Uimh. 77536-66-4*,
- Aispeist gruenerite (amosite), SÚC Uimh. 12172-73-5*,
- Aispeist anthophyllite, SÚC Uimh. 77536-67-5*,
- Chrysotile, SÚC Uimh. 12001-29-5*,
- Crocidolite, SÚC Uimh. 12001-28-4*,
- Aispeist tremolite, SÚC Uimh. 77536-68-6*.

* Uimhir i gclár Seirbhíse Úscadh Ceimiceach (SÚC)

Sceideal 2

Rialúchán 5(a)

Gníomhartha le bheith Déanta chun Sábháilteacht agus Sláinte na bhFostaithe a Dheimhniú

Faoi réir ag forálacha Rialúcháin 5 (b) tá na gníomhartha leagtha amach san Sceideal seo le bheith déanta chun sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe a dheimhniú nuair atá siad bainteach le gníomhaíochtaí a nochtann nó go bhféadfaidís a nochtadh do dheannach ag éirí as aispeist nó do ábhair le aispeist iontu.

(1) Beidh áiteanna ina dtarlaíonn na gníomhaíochta thuasluaite iontu:

(a) marcáilte amach agus léirithe go soiléir ag comharthaí rabhaidh;

(b) dúnta do fhostaithe seachas dóibh san gur gá dóibh dul isteach iontu de bharr a gcuid oibre;

(c) luaite mar áiteanna go bhfuil cosc ar chaitheamh tobac iontu

(2) Beidh ceantair curtha i leataoibh ina bhféadfadh na fostaithe ól agus ithe iontu saor ó bhaol a dtruaillithe ó dheannach na h-aispeiste.

(3) I gcás gach gníomhaíocht i gceist faoin Sceideal seo soláthróidh fostóirí éadaí oiriúnacha oibre nó cosanta agus trealamh cosanta pearsanta i dtreo is –

(a) go gcoimeádfar a leithéid de éadaí cosanta agus oibre laistigh den láthair oibre;

(b) gur féidir éadaí dá leithéid, mura bhfuil sé inchurtha de láimh, a bheith nite lasmuigh den láthair oibre ag braith ar an bhfuil na conláistí seo in ann an obair seo a dhéanamh agus go bhfuilid tar éis measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis agus ag tógáil san áireamh iompar agus pacáil na n-earraí le bheith nite i dtaisceadáin atá dúnta go daingean le lipéid chearta orthu;

(c) go bhfuil ionaid stórála faoi leith soláthraithe do éadaí oibre, nó cosanta, nó do threalamh pearsanta, cosanta agus do éadaí sráide;

(d) go bhfuil soláthar fónta, cuí nite, leithreas agus ceathanna-folctha;

(e) go bhfuil sain-ionad á sholáthar do stóráil trealaimh phearsanta chosanta;

(f) go ndéantar scrúdú agus glanadh ar threalamh pearsanta, cosanta tar éis a úsáidte gach uair sula gcuirtear é ina shain-áit stórais;

(g) go ndéantar na birt chuí chun trealamh lochtach a shocrú nó a chur de láimh sula n-úsáidtear é arís.

Sceideal 3

Rialúchán 11

Nithe a chaithfear a Chur in Iúl don Údarás Sábháilteachta agus Sláinte

Siad na nithe a chaithfear a bheith faoi iamh i Scéala chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi Rialúchán 11(1) agus (3) ná -

1. Ainm an duine a thug an t-eolas.

2. Nuair atá an fostóir mar Corparáid, seoladh agus uimhir ghutháin a oifige cláraithe.

3. Ainm, seoladh agus uimhir ghutháin na h-áite oibre nó an láthair oibre i gceist.

4. An data tosaithe agus faid na h-oibre, gur dócha.

5. Líon na bhfostaithe.

6. Na sóirt (stroighin aispeiste, limpeid, díonadh teirmeach, tilí síleála agus urláir, clár díonadh aispeiste agus rl.) agus cainníochtaí aispeiste gur dócha a bheidh ann.

7. Na h-ionaid ag an láthair oibre gur dócha go mbeidh na h- ábhair ina bhfuil aispeist iontu le fáil.

8. Tuairisc ghairid de na gníomhaíochta nó na próiseas i gceist.

9. Tuairisc ghairid ar na nithe le déanamh chun nochtadh na bhfostaithe do aispeist a theorannú.

10. I gcás oibre bainteach le h-aistriú, socrú nó fálú a chur faoi iamh, insliú nó aon ábhair eile go bhfuil aispeist ann, cur síos beag ar an méid oibre atá le déanamh orthu.

11. Faoi Rialúchán 11 (2) agus (3) sa chás go athrú bunúsach i ndéanamh an ghnímh go bhfuil an fógra bainteach leis, inseoidh an fostóir do Údarás, i scríbhinn, faoin athrú agus cuirfidh sé fógra eile nua isteach, de réir na Rialúchán seo ag míniú na gcúiseanna, i scríbhinn, atá leis bhfógra nua seo.

12. Cuirfear an fógra nua seo chuig an Údarás i dtreo is go sroichfeadh sé é 14 lá ar a laghad sula dtosaíonn an ghníomhaíocht go mbaineann an fógra leis.

Sceideal 4

Rialúchán 16(2)

Fianaise ar inniúlacht chun oibriú le h-aispeist

(Liosta eolais, táscach, neamh-iomlán á sholáthar de réir Rialúchán 16, atá cuí agus oiriúnach do obair atá i gceist a dhéanamh)

1. Plean Traenála agus Polasaí do fhostaithe ag obair le h-ábhair go bhfuil aispeist iontu.

2. Teastais traenála aonair do gach fostaí ag insint cá h-áit, cathain, an fhaid agus an sort traenála a fuarthas agus cé thug é.

3. Taithí cuí.

4. Ráiteas sábháilteachta.

5. Teastas do threalamh cosanta Análaithe ar aghaidh don bhfostaí aonair.

6. Teastas liachta singil do gach fostaí.

7. Teastas glanta do Aonad dí-thruaillithe le bheith úsáidte ar an láthair oibre.

Sceideal 5

Rialúchán 20(4) agus(5)

Eolas le bheith faoi iamh i dTaifid Liachta An Duine Aonair agus Moltaí Praiticiúla do Mheasúnú Cliniciúla Fostaithe ar san Rialúcháin 20

Cuid A – Eolas

1. Ainm agus seoladh an fhostaí i gceist.

2. Ainm an fhostóra i gceist agus an seoladh nó na seoltaí cuí.

3. Dáta breithe an fhostaí.

4. Dáta tosaithe an nochtadh do aispeist (más eol).

5. Stair Liachta an fhostaí.

6. Stair oibre an fhostaí.

7. Torthaí samplála na h-aispeiste a bhaineann le nochtadh an fhostaí.

8. Torthaí an scrúdú chliniciúil agus a dtábhacht.

9. Sonraí ar aon ghníomh déanta ag an ngnáth-dhochtúir freagrach mar thoradh ar an mheasúnú sláinte.

Cuid B – Measúnú Cliniciúil

Comharthaíonn an t-eolas reatha atá ann go leanann na galair seo a leanas nochtadh do fhíocháin saora aispeiste:

- aispeastóis,
- siad urchóideach,
- ailse broinceach,
- ailse ghastra-istéigeach.

Beidh an gnáth-dhochtúir freagrach as faire ar shláinte na bhfostaithe nochta don aispeist i dtaithí ar na coinníollacha nochta nó maireachtála do gach fostaí.

Ba chóir scrúdaithe sláinte na bhfostaithe a bheith déanta i gcomhréir le prionsabail agus cleachtais leighis san ionad oibre. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas ar a laghad ann –

(a) taifid a choimeád ar stair shláinte agus oibre an fhostaí,

(b) agallamh pearsanta,

(c) scrúdú cliniciúil, ginearálta agus tagairt faoi leith ann don gcliabhrach,

(d) trialacha feidhme scamhóga (toirt agus rátaí an tsrutha anála).

Ba chóir don ghnáth-dhochtúir freagrach as an faire sláinte teacht ar chinneadh tuilleadh scrúdaithe a bhith ann mar thrialacha cít-eolaíochta seile nó x-ghathú cliabhraigh nó scrúdú tiúis ’sna scamhóg chun tairbhe a bhaint as an eolas nua-aimsire ar shláinte san láthair oibre.

Sceideal 6

Rialúchán 25

Clár Sláinte san Áit Oibre

Faoi iamh san eolas a bheidh leagtha amach i gclár sláinte san áit oibre beidh –

(a) ainm agus seoladh cláraithe an fhostóra agus seoladh na h-aite go bhfuil an nochtadh aispeiste ann (foirgneamh nó suíomh);

(b) cur síos gairid ar an ngníomhaíocht leis an aispeist ag insint faoina nádúr agus faoi fhaid an nochtadh di;

(c) ainm agus seoladh gach duine go mbaineann monatóireacht aeir agus/nó measúnú sláinte leis;

(d) dátaí agus amanna gach measúnú ar nochtadh do aispeist agus ainm an té a dhein an measúnú;

(e) sonraí ar nádúr gach measúnú ar riosca an nochtadh do aispeist;

(f) dátaí agus torthaí scrúdaithe agus trialacha ar aon trealamh cosanta análach agus go leor eolais tugtha i dtreo is go bhféadfaí aon trealamh cosanta análach a aithint;

(g) dátaí agus torthaí aer mheasúnú mar aon le sonraí ar –

(i) i gcás samplála pearsanta, ainm agus poist an té atá á mheasúnú,

(ii) i gcás samplála statach, suíomh na samplála stataca,

(iii) faid ama na samplála i ngach cás, agus

(iv) torthaí agus measúnú na dtorthaí ar a leithéid de samplála;

(h) i gcás measúnú sláinte, an t-eolas atá á lorg faoi Rialúchán 20(6);

(i) ainm an ghnáth-dhochtúra fhreagrach ag déanamh an mheasúnaithe sláinte, agus ainm agus síniú an duine ag déanamh na h-iontrála ins an gclár.

TUGTHA faoi mo láimh,

Ar an 21 Iúl 2006

TONY KILLEEN

Aire Stáit
sa Roinn Fiontar, Trádála agus
Fostaíochta

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

An aidhm atá ag na Rialúcháin seo ná a aistriú don gcéad uair Treoir 2003/18CE de Pharlaimint na h-Eorpa agus den gComhairle den 27ú Márta, 2003 ag leasú Treorach na Comhairle 83/477/PEE, atá athruithe cheana Treoir na Comhairle 91/382/PEE ar chosaint oibrithe ó rioscaí a bhaineann le nochtadh do aispeist ag an láthair oibre agus tá an dá Threoir sin ath-aistrithe. Ath-aistríonn na Rialúcháin, chomh maith, Alt 12 de Threoir na Comhairle 87/217/PEE, ar chosc agus ar laghdú truailliú na timpeallachta ag aispeist.

Mar sin, cúl-gaireann agus athshuíonn na Rialúcháin seo Rialúcháin an Phobail Eorpaigh 1989 (I.R. Uimh. 4 de 1989 (Cosaint Oibrithe) (Nochtadh do Aispeist), Rialúcháin an Phobail Eorpaigh 1993 (I.R. Uimh. 276 de 1993) (Cosaint Oibrithe) (Nochtadh do Aispeist) (Leasú) agus Rialúcháin an Phobail Eorpaigh 2000 (I.R. Uimh.74 de 2000)(Cosaint Oibrithe)(Nochtadh do Aispeist) (Leasú).

Baineann na Rialúcháin seo le gach sort oibre a nochtann daoine do riosca ó análú deannaigh ó aispeist nó ábhair go bhfuil aispeist iontu.

Sé an aidhm atá ag na Rialúcháin seo ná na fostaithe a chosaint trí luach teorann amháin nochtadh do gach sort oibre sa chás go bhfeadfadh nochtadh do aispeist san aer ag áit oibre tarlú. Cuireann na Rialúcháin béim ar an ngá atá le traenáil fhónta. Ní foláir dóibh san atá bainteach le treascairt tí agus aistriú aispeiste fianaise a sholáthar faoina gcumas an obair seo a dhéanamh i slí shábháilte chun a gcuid fostaithe a chosaint.

Ba chóir do dhaoine, go mbaineann na Rialúcháin seo leo, a thabhairt faoi ndeara go bhfuil dlíthe eile ann, ina measc Rialúcháin Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Láthair Oibre (Tógáil), a fhéadfadh a bheith bainteach leis, chomh maith.